



Eochairchéimeanna 1 agus 2

Dátaí tábhachtacha agus Gníomhaíochtaí don Mheasúnú agus don Mhodhnóireacht maidir leis an Chumarsáid, le hÚsáid na Matamaitice agus le Úsáid TFC 2016/17

- Chuir CCEA an scoil ar an eolas cheana féin maidir le modhnóireacht ar **An Chumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC** i mbliana.
- Beidh deis ag múinteoirí freastal **ar ócáid leagtha síos caighdeán de chuid CCEA** i mí Dheireadh Fómhair/mí na Samhna/mí na Nollag.
- Mar chuid de na socrúithe measúnaithe, caithfidh an scoil **caighdeánú inmheánach** a dhéanamh sula dtarlóidh an modhnóireacht.

An Mhodhnóireacht: Deimhniú Caighdeán (*Gach scoil*)

Lena chinntiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann, chruinn ag scoileanna maidir leis na caighdeáin mar a chuirtear síos orthu sna Leibhéil de Dhul Chun Cinn.

Caithfidh an scoil **samplaí d'obair daltaí a chur** chuig CCEA don scil a tugadh di (Cumarsáid, Úsáid na Matamaitice, nó Úsáid TFC). Ba cheart go mbeadh samplaí in iontráil na scoile de gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú i mbliana.

Dátaí Tábhachtacha	An Chumarsáid	Úsáid na Matamaitice
Faoi 13 Feabhra 2017 don Chumarsáid agus d'Úsáid na Matamaitice	<p>Maidir leis An Chumarsáid: caithfear sé phíosa d'obair daltaí a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • trí shampla Léitheoireachta; • trí shampla Scribhneoireachta; agus • samplaí a bhaineann le comhthéacsanna éagsúla. <p>Is féidir méid ar bith de Thascanna Measúnaithe CCEA a úsáid san iontráil nó gan cuid ar bith a úsáid.</p>	<p>Maidir le hÚsáid na Matamaitice: caithfear trí phíosa d'obair daltaí a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • fhreagairt amháin ar a mhéid ar Thasc Measúnaithe de chuid CCEA; agus • samplaí a léiríonn leithead trasna na Riachtanas agus an tEolas agus Tuiscint.
Faoi 15 Márta 2017 d'Úsáid TFC	<p>Úsáid TFC</p> <p>Maidir le hÚsáid TFC: caithfear cúig phíosa d'obair daltaí a chur isteach do gach leibhéal atá beartaithe ag an scoil a thuairisciú, ar a n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • fianaise de Fiosrú (an dá phointe le hurchair) agus de Cur in Iúl; • samplaí a bhaineann le réimse de chomhthéacsanna; agus • dhá ghné éagsúla ar a laghad den TFC ag gach leibhéal. <p>Is féidir méid ar bith de Thascanna Measúnaithe CCEA a úsáid san iontráil nó gan cuid ar bith a úsáid.</p>	
Faoi 5 Bealtaine 2017	<p>Déanfaidh CCEA modhnóireacht ar iontráil na scoile agus tabharfar aischothú.</p> <p>Mura bhfuil CCEA in ann an tuiscint atá ag an scoil ar na caighdeáin a dheimhniú ó iontráil na scoile, déanfaidh an fhoireann modhnóireachta tacaíocht bhreise a thairiscint.</p>	
Faoi 24 Bealtaine 2017	<p>Caithfidh an scoil comhad idirmhalartú leictreonach sonraí (EDI) a chur chuig CCEA trí C2k, ar a n-áirítear:</p> <ul style="list-style-type: none"> • sonraí maidir le daltaí Bhliain 4 agus Bliain 7; agus • na leibhéil a bhronn na múinteoirí ar gach dalta sa Chumarsáid, in Úsáid na Matamaitice agus in Úsáid TFC. 	

Ba cheart obair ón scoilbhliain 2016/17 a chur in iontráil na scoile nuair is féidir. Is féidir obair ó bhliainghrúpa ar bith a úsáid. Mura bhfuil samplaí fóirsteanacha agat ag leibhéal áirithe ag an am seo den bhliain, is féidir obair ón scoilbhliain 2015/16 a chur san áireamh.

Modhnóireacht Leantach (*Na scoileanna sin nár deimhníodh a dtuiscint ar na leibhéil go fóill*)

Deireadh na Bealtaine/ Tús an Meithimh 2017	Déanfaidh CCEA teagmháil leis na scoileanna atá páirteach sa Mhodhnóireacht Leantach le tacaíocht bhreise ó mhodhnóir a thairiscint.
Meitheamh go Meán Fómhair 2017	Cuirfidh CCEA tacaíocht ar fáil do na scoileanna sin ar mhaith leo tacaíocht.